2025/2025

3.10.2025

Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú a dhéanamh ar Phrótacail 1 agus 4 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile

A. *Litir ón Aontas Eorpach*

A Chara,

Tá sé d'onóir agam tagairt a dhéanamh don chaibidlíocht a rinneadh mar chuid den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó den pháirt eile (dá ngairtear 'an Comhaontú Comhlachais' anseo feasta), maidir le prótacail áirithe a ghabhann leis an gComhaontú sin a leasú.

Tar éis na caibidlíochta, tháinig an tAontas agus Ríocht Mharacó ar chomhaontú mar a leanas:

Tagraíonn an dá pháirtí don Dearbhú Comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ó Mharacó tar éis an 14ú cruinniú den Chomhairle Comhlachais, a tionóladh an 27 Meitheamh 2019 sa Bhruiséil, agus do sheasaimh náisiúnta Bhallstáit an Aontais mar a chuir a n-údaráis náisiúnta inniúla in iúl iad.

Chomhaontaigh an tAontas, agus tagairt á déanamh aige dá Dhearbhú a rinneadh tráth a shínithe, le Ríocht Mharacó an Dearbhú Comhpháirteach seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais:

'Dearbhú Comhpháirteach maidir le cur i bhfeidhm Phrótacail 1 agus 4 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (dá ngairtear "an Comhaontú Comhlachais" anseo feasta)

1. Tairbheoidh táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar atá faoi réir rialuithe ag údaráis chustaim Ríocht Mharacó de na fabhair thrádála chéanna a dheonaíonn an tAontas do tháirgí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhlachais.

2. Tá feidhm *mutatis mutandis* ag Prótacal 4 chun stádas tionscnaimh na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 a shainiú, lena n-áirítear cruthúnas tionscnaimh ([1]).

3. Beidh údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais agus Ríocht Mharacó freagrach as a áirithiú go gcuirfear Prótacal 4 i bhfeidhm maidir leis na táirgí sin.

4. Chomhaontaigh an tAontas agus Ríocht Mharacó sainaithint na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 a cheadú trí thagairt a dhéanamh don réigiún tionscnaimh sna cruthúnais tionscnaimh dá bhforáiltear i bPrótacal 4.

5. Maidir leis na táirgí dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an tAontas na húdaruithe is gá a dheonú d'údaráis Mharacó atá freagrach as sin a dhéanamh chun deimhnithe comhréireachta le caighdeáin mhargaíochta an Aontais Eorpaigh a tharraingt suas, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

6. Comhaontaíonn an tAontas agus Ríocht Mharacó go ndéanfar táirgí na hearnála torthaí agus glasraí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a lipéadú le léiriú ar a n-áit tionscnaimh mar a léirítear sna deimhnithe tionscnaimh de bhun mhír 4 thuas.'

Athdhearbhaíonn an tAontas agus Ríocht Mharacó a dtiomantas na prótacail a chur i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe Comhlachais maidir le saoirsí bunúsacha agus cearta an duine a urramú.

Tá cur isteach an Dearbhaithe Chomhpháirtigh bunaithe ar an gcomhpháirtíocht speisialta sheanbhunaithe idir an tAontas agus Ríocht Mharacó, mar a chumhdaítear go háirithe san ardstádas a bronnadh ar Ríocht Mharacó, agus ar mhian chomhroinnte na bPáirtithe an chomhpháirtíocht a dhoimhniú agus a leathnú.

([1]) Tá údaráis chustaim Ríocht Mharacó freagrach as forálacha Phrótacal 4 a chur i bhfeidhm maidir leis na táirgí dá dtagraítear i mír 1.

De mheon comhpháirtíochta agus chun a chur ar chumas na bPáirtithe measúnú a dhéanamh ar thionchar an Chomhaontaithe seo, go háirithe a thionchar ar an bhforbairt inbhuanaithe, agus go háirithe i ndáil leis na tairbhí a eascraíonn as an gComhaontú seo agus as saothrú acmhainní nádúrtha na gcríoch lena mbaineann, chomhaontaigh an tAontas agus Ríocht Mharacó faisnéis a mhalartú faoi chuimsiú an Choiste Comhlachais uair sa bhliain ar a laghad.

Cinnfear na socruithe sonracha den chleachtadh meastóireachta sin ar dháta níos déanaí sula nglacfaidh an Coiste Comhlachais iad 2 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Féadfar an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach trí chomhaontú frithpháirteach trí fhógraí a mhalartú idir na Páirtithe, le héifeacht ón dáta a údaróidh Comhairle an Aontais Eorpaigh é a shíniú.

Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an lá tar éis an dáta a thabharfaidh an dá Pháirtí fógra faoi chur i gcrích na nósanna imeachta inmheánacha chun é a ghlacadh.


Tagann an Comhaontú seo in ionad Chomhaontú 2018.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú cibé acu an aontaíonn nó nach n-aontaíonn do Rialtas leis an méid sin thuas.

A dhuine uasail, glac, le do thoil, deimhne mo mhodha fhíormhóir duit.

Съставено в Брюксел на трети октомври две хиляди двадесет и пета година.
Hecho en Bruselas, el tres de octubre de dos mil veinticinco.
V Bruselu dne třetího října dva tisíce dvacet pět.
Udfærdiget i Bruxelles den tredje oktober to tusind og femogtyve.
Geschehen zu Brüssel am dritten Oktober zweitausendfünfundzwanzig.
Kahe tuhande kahekümne viienda aasta oktoobrikuu kolmandal päeval Brüsselis.
Έγινε στις Βρυξέλλες, στις τρεις Οκτωβρίου δύο χιλιάδες είκοσι πέντε.
Done at Brussels on the third day of October in the year two thousand and twenty five.
Fait à Bruxelles, le trois octobre deux mille vingt-cinq.
Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an tríú lá de Dheireadh Fómhair sa bhliain dhá mhíle fiche a cúig.
Sastavljeno u Bruxellesu trećeg listopada godine dvije tisuće dvadeset pete.
Fatto a Bruxelles, addì tre ottobre duemilaventicinque.
Briselē, divi tūkstoši divdesmit piektā gada trešajā oktobrī.
Priimta du tūkstančiai dvidešimt penktų metų spalio trečią dieną Briuselyje.
Kelt Brüsszelben, a kétezerhuszonötödik év október havának harmadik napján.
Magħmul fi Brussell, fit-tielet jum ta' Ottubru fis-sena elfejn u ħamsa u għoxrin.
Gedaan te Brussel, drie oktober tweeduizend vijfentwintig.
Sporządzono w Brukseli dnia trzeciego października roku dwa tysiące dwudziestego piątego.
Feito em Bruxelas, em três de outubro de dois mil e vinte e cinco.
Întocmit la Bruxelles la trei octombrie două mii douăzeci și cinci.
V Bruseli tretieho októbra dvetisícdvadsaťpäť.
V Bruslju, tretjega oktobra dva tisoč petindvajset.
Tehty Brysselissä kolmantena päivänä lokakuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäviisi.
Som skedde i Bryssel den tredje oktober år tjugohundratjugofem.
حرر ببروكسيل، في الثالث من أكتوبر سنة ألفين وخمسة وعشرون.

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαϊκή Ένωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európai Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen



عن الاتحاد الأوروبي

Dearbhú ón Aontas Eorpach maidir leis an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas agus Ríocht Mharacó maidir le leasú a dhéanamh ar Phrótacail 1 agus 4 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile

I gcomhréir le breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt') an 4 Deireadh Fómhair 2024 i gCásanna Uamtha C-779/21 P agus C-799/21 P, agus chun tairbhí sonracha, substaintiúla agus infhíoraithe a sholáthar don ghrúpa tairbhithe dá dtagraítear i mír 153 den bhreithiúnas sin, soláthróidh an tAontas cistiú ar dtús don réigiún lena ndíreofar ar phríomhearnálacha, amhail earnáil an uisce lena n-áirítear uisciú, fuinneamh, gaineamhlú uisce a chomhrac, agus díshalannú uisce, i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe. Cuirfidh na Páirtithe an sásra um meastóireacht chomhpháirteach dá bhforáiltear sa Mhalartú Litreacha chun feidhme.

An tráth céanna, cuirfidh an tAontas Eorpach dlús lena chabhair dhaonnúil do champaí Tindouf. Soláthrófar an chabhair sin trí shásraí ábhartha an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe, agus beidh sí á rialú faoin *modus operandi* céanna a raibh an ghníomhaíocht dhaonnúil faoina rialú i gcónaí.

Ina theannta sin, tacóidh an tAontas Eorpach le cláir iomchuí in earnálacha amhail an t-oideachas, an cultúr agus scileanna.

Bunófar sásra rialaithe rialta i gcomhréir le mír 153 den bhreithiúnas thuasluaite, lena n-áirítear an sásra um meastóireacht chomhpháirteach.

B. *Litir ó Ríocht Mharacó*

A Chara,

Tá sé d'onóir agam a chur in iúl duit go bhfuarthas do litir dar dáta an lae inniu, atá mar a leanas:

'A Chara,

Tá sé d'onóir agam tagairt a dhéanamh don chaibidlíocht a rinneadh mar chuid den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó den pháirt eile (dá ngairtear "an Comhaontú Comhlachais" anseo feasta), maidir le prótacail áirithe a ghabhann leis an gComhaontú sin a leasú.

Tar éis na caibidlíochta, tháinig an tAontas agus Ríocht Mharacó ar chomhaontú mar a leanas:

Tagraíonn an dá pháirtí don Dearbhú Comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ó Mharacó tar éis an 14ú cruinniú den Chomhairle Comhlachais, a tionóladh an 27 Meitheamh 2019 sa Bhruiséil, agus do sheasaimh náisiúnta Bhallstáit an Aontais mar a chuir a n-údaráis náisiúnta inniúla in iúl iad.

Chomhaontaigh an tAontas, agus tagairt á déanamh aige dá Dhearbhú a rinneadh tráth a shínithe, le Ríocht Mharacó an Dearbhú Comhpháirteach seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Phrótacal 4 a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais:

'Dearbhú Comhpháirteach maidir le cur i bhfeidhm Phrótacail 1 agus 4 a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (dá ngairtear "an Comhaontú Comhlachais" anseo feasta)

1. Tairbheoidh táirgí de thionscnamh an tSahára Thiar atá faoi réir rialuithe ag údaráis chustaim Ríocht Mharacó de na fabhair thrádála chéanna a dheonaíonn an tAontas do tháirgí a chumhdaítear leis an gComhaontú Comhlachais.

2. Tá feidhm *mutatis mutandis* ag Prótacal 4 chun stádas tionscnaimh na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 a shainiú, lena n-áirítear cruthúnas tionscnaimh ([1]).

3. Beidh údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais agus Ríocht Mharacó freagrach as a áirithiú go gcuirfear Prótacal 4 i bhfeidhm maidir leis na táirgí sin.

4. Chomhaontaigh an tAontas agus Ríocht Mharacó sainaithint na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 a cheadú trí thagairt a dhéanamh don réigiún tionscnaimh sna cruthúnais tionscnaimh dá bhforáiltear i bPrótacal 4.

5. Maidir leis na táirgí dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an tAontas na húdaruithe is gá a dheonú d'údaráis Mharacó atá freagrach as sin a dhéanamh chun deimhnithe comhréireachta le caighdeáin mhargaíochta an Aontais Eorpaigh a tharraingt suas, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais.

6. Comhaontaíonn an tAontas agus Ríocht Mharacó go ndéanfar táirgí na hearnála torthaí agus glasraí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a lipéadú le léiriú ar a n-áit tionscnaimh mar a léirítear sna deimhnithe tionscnaimh de bhun mhír 4 thuas.'

Athdhearbhaíonn an tAontas agus Ríocht Mharacó a dtiomantas na prótacail a chur i bhfeidhm i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe Comhlachais maidir le saoirsí bunúsacha agus cearta an duine a urramú.

Tá cur isteach an Dearbhaithe Chomhpháirtigh bunaithe ar an gcomhpháirtíocht speisialta sheanbhunaithe idir an tAontas agus Ríocht Mharacó, mar a chumhdaítear go háirithe san ardstádas a bronnadh ar Ríocht Mharacó, agus ar mhian chomhroinnte na bPáirtithe an chomhpháirtíocht a dhoimhniú agus a leathnú.

De mheon comhpháirtíochta agus chun a chur ar chumas na bPáirtithe measúnú a dhéanamh ar thionchar an Chomhaontaithe seo, go háirithe a thionchar ar an bhforbairt inbhuanaithe, agus go háirithe i ndáil leis na tairbhí a eascraíonn as an gComhaontú seo agus as saothrú acmhainní nádúrtha na gcríoch lena mbaineann, chomhaontaigh an tAontas agus Ríocht Mharacó faisnéis a mhalartú faoi chuimsiú an Choiste Comhlachais uair sa bhliain ar a laghad.

([1]) Tá údaráis chustaim Ríocht Mharacó freagrach as forálacha Phrótacal 4 a chur i bhfeidhm maidir leis na táirgí dá dtagraítear i mír 1.

Cinnfear na socruithe sonracha den chleachtadh meastóireachta sin ar dháta níos déanaí sula nglacfaidh an Coiste Comhlachais iad 2 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Féadfar an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach trí chomhaontú frithpháirteach trí fhógraí a mhalartú idir na Páirtithe, le héifeacht ón dáta a údaróidh Comhairle an Aontais Eorpaigh é a shíniú.

Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an lá tar éis an dáta a thabharfaidh an dá Pháirtí fógra faoi chur i gcrích na nósanna imeachta inmheánacha chun é a ghlacadh.

Tagann an Comhaontú seo in ionad Chomhaontú 2018.

Bheinn faoi chomaoin agat ach a dheimhniú an aontaíonn nó nach n-aontaíonn do Rialtas leis an méid sin thuas.

A dhuine uasail, glac, le do thoil, deimhne mo mhodha fhíormhóir duit.'

Is féidir liom a dheimhniú go dtugann mo Rialtas na gnéithe thuasluaite uile dá n-aire agus go gcomhaontaíonn sé le hábhar na litreach sin.

A dhuine uasail, glac, le do thoil, deimhne mo mhodha fhíormhóir duit.

حرر ببروكسيل، في الثالث من أكتوبر سنة ألفين وخمسة وعشرون.
Съставено в Брюксел на трети октомври две хиляди двадесет и пета година.
Hecho en Bruselas, el tres de octubre de dos mil veinticinco.
V Bruselu dne třetího října dva tisíce dvacet pět.
Udfærdiget i Bruxelles den tredje oktober to tusind og femogtyve.
Geschehen zu Brüssel am dritten Oktober zweitausendfünfundzwanzig.
Kahe tuhande kahekümne viienda aasta oktoobrikuu kolmandal päeval Brüsselis.
Έγινε στις Βρυξέλλες, στις τρεις Οκτωβρίου δύο χιλιάδες είκοσι πέντε.
Done at Brussels on the third day of October in the year two thousand and twenty five.
Fait à Bruxelles, le trois octobre deux mille vingt-cinq.
Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an tríú lá de Dheireadh Fómhair sa bhliain dhá mhíle fiche a cúig.
Sastavljeno u Bruxellesu trećeg listopada godine dvije tisuće dvadeset pete.
Fatto a Bruxelles, addì tre ottobre duemilaventicinque.
Briselē, divi tūkstoši divdesmit piektā gada trešajā oktobrī.
Priimta du tūkstančiai dvidešimt penktų metų spalio trečią dieną Briuselyje.
Kelt Brüsszelben, a kétezerhuszonötödik év október havának harmadik napján.
Magħmul fi Brussell, fit-tielet jum ta' Ottubru fis-sena elfejn u ħamsa u għoxrin.
Gedaan te Brussel, drie oktober tweeduizend vijfentwintig.
Sporządzono w Brukseli dnia trzeciego października roku dwa tysiące dwudziestego piątego.
Feito em Bruxelas, em três de outubro de dois mil e vinte e cinco.
Întocmit la Bruxelles la trei octombrie două mii douăzeci și cinci.
V Bruseli tretieho októbra dvetisícdvadsaťpäť.
V Bruslju, tretjega oktobra dva tisoč petindvajset.
Tehty Brysselissä kolmantena päivänä lokakuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäviisi.
Som skedde i Bryssel den tredje oktober år tjugohundratjugofem.

عن المملكة المغربية

За Кралство Мароко
Por el Reino de Marruecos
Za Marocké království
For Kongeriget Marokko
Für das Königreich Marokko
Maroko Kuningriigi nimel
Για το Βασίλειο του Μαρόκου
For the Kingdom of Morocco
Pour le Royaume du Maroc
Thar ceann Ríocht Mharacó
Za Kraljevinu Maroko
Per il Regno del Marocco
Marokas Karalistes vārdā –
Maroko Karalystės vardu
A Marokkói Királyság részéről
Għar-Renju tal-Marokk
Voor het Koninkrijk Marokko
W imieniu Królestwa Marokańskiego
Pelo Reino de Marrocos
Pentru Regatul Maroc
Za Marocké kráľovstvo
Za Kraljevino Maroko
Marokon kuningaskunnan puolesta
För Konungariket Marocko